

Mís Suibhne

FEARGAL Ó BÉARRA



An Chéad Eagrán 2021
© Feargal Ó Béarra, 2021

ISBN 978-1-913814-08-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, ealaín agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódoireacht: Clódoírí CL



Foras na Gaeilge

Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Tá an t-údar buíoch den Chomhairle Ealaíon as an sparánacht a bhronn siad air agus é i mbun pinn.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com
091-593592

‘NÍ LEAT, NÍ LEAT ACH LIOMSA!’

‘Gabh ar ais, a scubaidín, agus torom í!’

‘Muí, muí, is liomsa í!’

‘Gabh ar ais, a scubaidín, gabh ar ais!’

Os comhair an dúin dúinn an mhaidin sin, ag spraoi is ag súgradh leis an dís a d’iompair sí trí ráithe, mé féin is m’Eoráinín álainn faoi shéan is faoi shonas, gan uídh gan aird againn ar dhuthain an domhain ach an saol á chaitheamh féin go subhach somheanmnach inár dtimpeall faoi ghealspré an earraigh.

Leis sin, chugainn anuas as fraighthe an aeir, gur lig aisti a fógra fola, an bhadhbh fhraochta.

‘Badhbh Badhbh!’ arsa mo mhaicín mánla de ghlór faitís ar bhreathnú suas dó ar an uafás ba léir sa spéir os ár gcionn.

‘Badhbh Badhbh!’ arsa m’íníon álainn.

Chugam Dubhán Draoi go ndúirt:

‘Trua an tuar, a Shuibhne, agus olc an fhoighe!’

‘Labhair, a Dhubháin, agus déan fáistine dom.’

Trua an tuar, a Shuibhne chaoimh,
An Bhadhbh a theacht anall,
A fearacht siúd — crom ar craoibh,
D’fhearacht féin ar ball.

Ar fhíorthús an lae sin, is maith mo chuimhne ... ar a dheireadh thiar is fearr arís: go lách lánaoibhinn dúinn ar an mínbháinseach bhog gan smeámh as aer nuair a chualas uaim, mar mhacalla in ó na hintinne, an clog á bhualadh — clogán callánach Críostaí! — faoi thost na téigle. Fear a bhualte? Rónán Fionn mac Bearaigh — fear mín muinteartha mórmhonarach más fíor do chuid, sciath dhíidin ar dhroch-amais an Diabhail más fíor do chuid eile, ach Néilleach mustrach mí-onórach gan náire ar mí-nós arís i nDál duaibhseach Araidhe dar liomsa. Ba mhinic leis an bhradaíl sin, gan uaidh ach cill chiapánta dá chuid a bhunú san áit nár dhual, san áit nár dhlite, san áit nár ordaigh Crom ach Críost!

Cead níor iarr an lá úd ach oiread. Cén t-ionadh dom, más ea, an lonn lán-nirt, cén t-ionadh dom an lúthfhearg láidir? Cén t-ionadh dom teacht i mo rith uafar nuair a chualas an clog gur ionsaigh go fíochmhar fiáin é féin? Cén t-ionadh dom caitheamh na saltrach i bhfodhomain an locha lenár dtaobh? Cén t-ionadh dom gan aird gan uídh a thabhairt ar Eorann ós í i ngreim binneoire i mo bhrat ag

féachaint le m'fhostú? Cén t-ionadh dom éirí de réim ró-reatha i mo chraiceann dearg ag díchur an duine sin as an dú nár dhú dó? Murach gur tháinig chugam le linn na caismirte callánaí sin giolla Chonghail Chlaoín le gairm chatha, cá bhfios nach mín marbh ar lár a bheadh Rónán féin?

‘Slógadh ag Conghal Claon, a Shuibhne, agus gairm shlua uaidh ort féin — fearacht taoiseach gach fine — go Maigh Rath ar cheann Dhomhnaill mhic Aodha, Rí Éireann.’

As liom ansin i dteannta an ghiolla a théisclim le haghaidh an chatha. Imeachtaí na maidine mí-ámharaí sin, chuireas as mo cheann iad óir dá mba míthuarúil féin iad, ní mise ba chúis leo ar deireadh. Nach beag dá lorg ar mo chinniúint dá éis a thuigeas an lá léanmhar úd!



LE FÁINNIÚ LAE AR MAIDIN, GHLUAISEAS liom le sodar is le siúl chun gur mé ba thúisce troigh ar áit an áir — Maigh rua-linnteach Rath. Ba ghearr ann mé go bhfacas uaim ar gach taobh díom iad: cipí, catha, is cathláin — lánchalma mórbhéadach dar leo féin ós iad ar tinneall is i dtreoir. Níor chian dá éis gur chuireamar glúin le gleo, troigh le taca, agus aghaidh le himghoin. Dreas mór troda dúinn an mhaidin sin, ag leadradh is ag luathbhualadh a chéile, an cúr

comhraic le béal gach fir, an fhuil fhiata ina srutha le fána na leirge anuas. Ar an ordú sin dúinn go headra nó go bhfacas chugam go mórchúiseach mór-chumhachtach trasna na má gona bhachall gona bhuí-shaltair (gan milleadh líne ná litre uirthi ó tugadh aníos ó ghrinneall an locha go míorúilteach í) an Néilleach mustrach mí-onórach gan náire — Rónán Fionn! — ar mí-nós arís i nDál duaibhseach Araidhe. A dhéanamh shíthe idir dhá rí a tháinig ach, más ea, ní dhearna ar deireadh tar éis a shaothair ach teitheadh go dtagadh arís. Tháinig arís ach, má tháinig, níor fhéad a síothú. Tháinig an treas lá ach má tháinig féin! Go deimhin agus go díomách dó, tháinig sé an t-athlá i gcoimirce na beirte ag impí orthu gan cead a thabhairt aon neach a mharú ar an ármhá uafar úd ó fháinniú lae go feascar oíche ach b'éigialta an achainí!

B'olc liom féin an t-oiriúntas sin ionas go dtagainn le breacadh gach lae a mhilleadh choimirce Rónáin go mbrisinn gach fíorshíth is fosadh dá ndéantaí. Dar fia, bhriseas. Tuige nach mbrisfinn agus é siúd ag teacht arís agus arís eile — gan achainí gan iarraidh — ag féachaint le cill a bhunú san áit nár dhual? Dís in aghaidh an dé — fear i dtús comhlainn agus fear eile i ndeoidh comhlainn gacha nóna — a thit le mo chlaíomh ar Mhaigh mhí-ádhmhar Rath. Nár mhór an béal!

Sé saorlaetha na seachtaine sin ag imghoin agus ag imbhualladh go dian dícheallach don dís rí-laoch

úd gan neachtar in inmhe a chéile comhraic a sharú ná a shileadh. An céanna dom féin, ós mé ar mhí-ordú mioscaise, ar feadh an achair chéanna nó gur cinneadh ar deireadh an cath mór a thabhairt le deargadh maidine ar an seachtú lá.

I gcionn na seachtaine, ar an Máirt mhiscneach mhallachtach mhídhánach úd, tháinig ann i ngleic is i ngleo an dá leon loinneartha úd gur thugadar leathmharú is lánmharú, rí-mharú is rúscmharú, go ceachtartha is go crua ar a chéile. Ach má tháinig is má thug, ba é an lá léin ag Ultaibh is ag Dál Araidhe é óir is ann a thit Conghal Claon, ardrí uaibhreach allata ollchéadfach Uladh (dalta dí-umhal diúnasach Dhomhnaill, mar a thug dream eile ar mo shaor-sheise soicheallach féin). Ar ar tharla dom féin dá éis, is caol mo chuimhne, ní maith mo mheabhair. Cá hionadh sin nó cá hionadh dom, go deimhin, aon ní dá ndeirim?

Ar tharla duit dá éis, a Shuibhne, ní cúram feasta duit óir atá ina sheanchas coiteann ó shin ag feara Éirean ar éirigh duit dá éis: Iomthúsa Shuibhne, tháinig dála cháich ar an seachtú lá chun an chatha. Agus, a Chroim nach cam, nár mhór an áilleacht é! Nach sinn a chonaic? Faoina thuineach den sról ríoga, faoina léine shreabhnaí shíoda ós í i gcustal lena ghealchneas, agus an t-ionar — a thug Conghal Claon dó as Oilill Céadach, rí Ua bhFaoláin, a mharú ar Mhaigh Rath trí lá roimhe sin — go cruinn cneasta i dtadhall lena dheachreath.

Ach go deimhin, ba shuarach an méid sin le hais a raibh arís eile i gcustal lena chaoinchneas: ionar eile, den chorcardbath, faoina stua-lúba síoda go ndlúthchiumhais dhea-fhite den ór álainn órloiscthe, faoina shreatheagar de gheama caomha carrmhogail ó cheann ceann na ciumhaise sin. Dhá shleá fhíor-fhada shlinnleathna ar iompar aige, sciath bhreacbhúí bhuabhallda ar a mhuin, agus an claiomh órdhoirn úd, a bronnadh air d'éis chath Ghleann na d'Triath, i gcustal lena thaobh.

Fóill ort, a dhuine! Ní morgtha ar fad mo mheabhair óir cuimhním fós ar an bhfraoch feirge a bhuaíl mé: ba ghearr ansiúd mé go bhfacas chugam trí cheo an chatha Rónán bradach, a chuid smuicíní sonnta á leanacht, agus é ag croitheadh an uisce choisricthe úd is milis lena leithéid ar na sluaite sula dtéidís go hármhá an eirligh (agus go hifreann síos go grod dá éis, mar a chreid sé féin). Fearacht taoiseach gach fine, croitheadh braoinín den bhainne bréan sin orm féin, le teann fochaide is fonóide. Ba leor de ghríosú liomsa an gníomh sin óir ní dhearnas ach méar mhear mheáite a thabhairt i suaineamh na sleá seimní a bhí i mo láimh agam gur scaoileas uaim le duine de lucht ceadail na salm an tsleá sin gur thit sé mín marbh ar lár den aon-urchar úd. Cé gur mhór liom é mar bhéad, níor leor liom é mar éacht nó gur thugas an dara hurchar den tsleá fhaobhrach uillinngéar ar cheann na feadhna foruallaí féin, ar Rónán Fionn! Géar a d'fheil! Ach má thugas, ba é an

t-urchar iomraill ar deireadh agam é óir ní go ceartlár a chroí a chuaigh mar ba mhian liom ach ar seachrán sa gclogán a bhí faoina mhúineál ionas gur ling leis sin crann na sleá in airde os cionn cháich suas san aer.

Ansin a labhair sé féin:

‘Mo mhallachtsa ort, a Shuibhne, a fhir láimhe deirge! Guímse an Coimdhe cumhachtach a airde a chuaigh crann na sleá sin uaitse i néalta neimhe anois go dtéirse féin le gealtacht gan chairde feasta go rabhair amhail gach athaid an airde chéanna ar craobha araon le héana! Agus an bás sin — bás de rinn — a d’imrís ar mo dhalta-sa gurb é an bás ceannann céanna é a imreofar ort féin ach a dtaga d’ionú, a thruáin, agus seachain nach dtiocfadh! Ar Eorann, do bhean dhíreach dhílis féin, ar Fhuradhrán salmchéaldaí — solas na bhFlaitheas dá anam — agus ar a chaoín-chomrádaí Teille, atá fanta anois ina dhiaidh faoi bhrón, cuirim mo bhail is mo bheannacht. Ach maidir leatsa, a anduine aindiaga éagraífigh, ort féin agus ar do shíol — ar Chlann Cholmáin Chuair — cuirim mo mhallacht go broinne an bhrátha: i ndísc is i ndíchuimhne i do dhiaidh go dté do rí-shliocht!

Mo mhallacht ar Shuibhne,
Mór mar a d’fheall ormsa:
An fogha bláith buile,
Do sháigh trí mo chlogsa.

An clogán a ghoinis
(Clog naofa le naomhaibh)
'Chuirfeas tú ar craobhaibh,
Araon daoibh le héanaibh!

Mar a chuaigh i gcéadóir
An tsleá sin in airde,
Go dtéir féin, a Shuibhne,
Le gealtacht ód' chairde.

Mo dhalta do ghoinis,
Fogha ann do dheargais,
Do chionsa den tseaghais?
Bás rinne, láimh le heaglais.

Beannacht uaim ar Eorainn,
Eorann chaomh gan chrannacht,
Ach doilíos gan teorainn
Ar Shuibhne — is mallacht!



CUIMHNE NA LINNE SEO AR IMEACHTAÍ
na haimsire sin? Is cinnte nár cheo ar mo chuimhne
na rannta úd óir is maith is eol dom fós a lorg is a
léan: ó d'éirigh chun catha ceachtartha na cipí, na
catha, is na cathláin chalma sin, a bhí spréite ar gach
taobh díom feadh mo shúl, mheirbhligh mo mhéara
agus luathaigh mo chroí gur cloíodh mo chéadfa, gur

saobhadh mo sholas, gur thosaigh mo dhá chois ag croitheadh mar a bheadh dhá bhogshifín ann ina seasamh le sruth. Ba ghearr ina dhiaidh gur chualas gleo is gáróid an chatha, bodharbhúireach na dtrodairí, gur thugadar trí tromghártha os ard mar a bheidís go léir do mo ghairm chucu. Gach taobh dár bhioraíos cluas, ba chlos dom na gártha móra sin; gach taobh dá mbioraím cluas ó shin is i dtólamh — i gcroí-lár an lae ghil nó i nduibheagán na hoíche uaigní — cloisim i mo chloigeann cráite, ag uallfairs is ag éamh, cruu-ghleo an chatha sin agus tuargain na troda úd. I néalta nuall-arda neimhe agus i bhfraighthe forarda firmiminte ba chlos dom iad an lá sin thar aon lá eile: ba leor sin de ghleo.

Ba leor, dar fia, óir gheit leis sin m'intinn agus ling mo chroí gur thit go lár anuas as mo dhá láimh mo chlaíomh is mo sciath gur líon go grodmhear is go géarthobann mioscais agus mórfhuath mé le gach áit dá mbínn go dtí sin, searc is síorshantú le gach áit nach bhfacas fós. B'in é tús mo chuid fánaíochta is mo chuid sirtheachais.

D'imigh díom ansin, mar oighear ar imleá, mo chruth is mo chaomhdhéanamh féin go ndeachaigh ar gcúl dá réir go ramallach réamach mo ghaisce is mo ghal gur fágadh i mo chladhaire caca mé ar mo theitheadh as áit an áir: níor náire go dtí é. Féachaint uaim dár thugas ansin ar néalta neimhe gur thuigeas de phreib nár dhán dom feasta dídean ar domhan

mura n-éirínn go beo bríomhar as an áit sin amach agus suas san aer ar spuaic spadliath na spéire ar shiúl ó shuí an tsléachta.

Leis sin, gan chor gan char, tháinig orm éadroime céille is aigne gur bhreathnaíos uaim anonn: a bhfacas ann do dhall mé óir líonadh ó rinn go sáil mé le dobhar is le dásacht, le faoinneal is le fualang, le friotáil is le foluain. Ansin, an díoscán is an deoraíl, an líonrith is an lán-eagla gur bhuail lagar intinne agus troimse meanman mé gur chromas gan choinne go gogaide, go hioscaidí, go dhá phluic tóna, gur thugas síneadh is searradh ar mo cholainn ón talamh aníos gur lingear d'aon réim ró-reatha rán amháin suas i bhfraigthe na firmiminte go ndeachas le gaoth is le gealtacht os comhair an tsaoil mhóir, amhail gach athaid aeir (mar a chinn Rónán), suas de mhórléim ar staighre na spéire.

Cor dom dá éis, ní heol dom ó nach bhfanann i mo chuimhne dár tharla an lá léanmhar úd ach an dá ghlór dheiridh sin a chualas agus an cainniúr ina sceathrach ag silleadh asam anuas agus mé ag imeacht as áit an eirligh: ‘Seas fód, a chladhaire, seas fód! Cá bhfuil do dheifir, a Shuibhne mheata mhílámhaigh?’ A Shuibhne mheata mhílámhaigh? Goilleann orm fós an dá fhocal sin — níor tharcaisne go dtí iad! — mar nár aithníos an té lenar casadh!



DÍCHUIMHNE I dTÓLAMH É, A SHUIBHNE?

Is ea, mo léan, is ea. Ní cuimhneach liom ach a leath.

Nach beag a shílis, ar theacht ar chlár an chatha duit an mhaidín sin, gur i do cheann fá eite, i do gheilt ar craobh, i do shirtheachán seang gan chonn gan chéill, a bheiféa ar dhul in úir don ghréin tráthnóna?

Is beag, dar fia. Ach céard seo mé nó cén glór é sin a chluinim? Cá bhfuil sé? In ó na hintinne? Ar dhroim an domhain doinn? Nach glór é seo a labhair liom cheana?

Mar seo a tharla duit, a dhuine bhoicht: chuala gach fear dá raibh sa slua déadlaith daith a bhí cruinnithe ar Mhaigh Rath an liú lánfhiáin a ligis asat ag imeacht duit as áit an áir go ndúradar de ghuth aon-fhir: 'Ná téadh uaibh faoin gcaolmhuine fear an ionair mhaith!' Ach mo léan, as leat faoin gcaolmhuine i do chladhaire meata mílámhach as an gcath sin amach. Bhí de luas leat ag imeacht gurbh ar éigean a leagais cos ar lár, agus an t-am sin féin, an drúcht ní bhainféa d'fhuar-uachtar an fhéir ar éadroime is ar aeracht na céime a chinnis nó go ndeachais ar deireadh go Ros Bearaigh.

Go Ros Bearaigh? I Ros Earcáin atá, más fíor, pé ní a thug ann mé. Slán fós dom' chuimhne ar an lá ar thánag ann: fuireach ní dhearnas ach tréan-imeacht romham. Má, machaire ná maolsliabh, móin, muine ná mothar, cnoc, cabhán ná coill níor fhágas gan tadhall gan taisteal nó gur leagas cos, le feascar lae, i

Ros Bearaigh gur neadaíos sa mbile ann — Iúr an Ghleanna a ainm. Ba é ba dhual dom thar aon ní eile — ón lá ar éiríos san aer, ó d'imíos le craobha — éirí den talamh san iúr, cineadh ar craobh, drannadh le dos dídin, áit nár bhaol dom duine ná díobháil ach foscadh is fóirithint ó phúir an tsaoil le fáil agam ar bile go maidin.

Maidin lá arna mhárach agus mé ag breathnú uaim soir as an mbile go bhfacas chugam mo chliamhain féin Aonghas Ramhar agus fuadar fear teite catha faoi. Buíon dá mhuintir á leanacht — a mbealach déanta anoir acu thar achadh, fiodh, doire, coill, gort, muine is droim go Ros Bearaigh ar mo thóir. Ansiúd dóibh an oíche sin gur chaitheadar go huair mharbh na hoíche cois tine ann ag coinneáil beo léi. Mise faoi cheilt san iúr os a gcionn agus mé ag éisteacht le séis scéala is seanchais a gcomhrá faoi chur an áir ar Chonghal gona chlanna. Beag mo shuim ann nó gur ghoin an chaint seo m'aire:

‘Crua an chinniúint a d'éirigh do Shuibhne.’

‘Crua cinniúnach!’

‘Beo nó marbh dó, a dhaoine?’

‘Ina bheatha dar le dream, sniogtha dar le dream eile. Cá bhfios do dhuine nuair nach bhfacthas é ó cuireadh an cath?’

‘Caillte atá sé, go cinnte. Nach é Rónán féin a dúirt, tráth ar eascain sé Suibhne, gur bás a gheobhadh — bás de rinn, más fíor?’

‘Cloíonn neart ceart!’ a deirim ansin sa gcrann os a gcionn.

‘Fuist agus éistigí! Cloíonn neart ceart? Cén tsiosarnach sin nó cé dar díobh an glór seo thuas?’

‘Cé eile ach é siúd a chodail amuigh an gamh seo tharainn!’

‘É siúd? Ara, a dhuine, níor thuig sé siúd an siolla ba shuaille den ris a bhí sé a reic cé gur rímhór an rachairt a bhí ar a rann.’

‘Go deimhin, níor thuig! Mór an dul amú oraibh a leithéid a cheapadh. Gamhchodladh amuigh agus Suibhne ar strae?’

‘Éistigí, éistigí!’ arsa an treas duine. ‘Ní don fhear a chodail amuigh is fó foghar ná friotal adrásta ach do Shuibhne seingbhléin mac Colmáin. Dar m’anam féin, agus dar uasal-anam Athairne, ach is é atá ann!’

‘An gcluín tú sinn, a Shuibhne, an gcluín tú muid, a dhuine dhúir ar craobh?’ ar siad ansin liom de ghlór aon-fhir.

Smid féin.

‘Más tú atá ann, a Shuibhne, tar i leith go nír do ghoradh beag linn!’

Níor thráth foighne agam é.

‘Ní thiocfad, a fheara na feille, go biotha síor!’ a deirim ar deireadh leo anuas as an mbile.

Choinnigh orthu ansin do mo phlámás le bánbhriathra binne ach iad ag iamh i gcaitheamh an ama im an mbile nó gurbh éigean dom ar deireadh

éirí go héadrom aerga i mo réim ró-reatha as an áit sin amach nó go ndeachas thar Banna siar go Cill Ria gur thuirling i mbile na cille ann. Imeacht as an áit sin ní dhearnas.



IMEACHT AS DOS DÍDIN CHILLE RIA NÍ dhearnas go ceann trí lá agus trí oíche: dá mba mhór féin an faoiseamh dom ar deireadh an imeacht sin, b'fhánach an fos óir níorbh fhada go raibh ina fheartainn agus ina fhuarbháisteach arís, ina dhíle dhearóil, ina thromdhíle chomh tréan is nárbh fhiú treabhlaid ná trioblóid an duaircdhídean — fuacht go smior, fuar-nimh go smúsach. Shíleas éirí go ngorainn mo chual cnámh ach laige ná lúth ní ligeadh sin liom. D'fhuirigh, ó ba dhíth, i mo chruachnap — bog báite — go haiteall adhmhaidine. Néal ní dhearnas ach ag bogadaíl anonn is anall mar shail idir dhá uisce: babhdán i mbarr bile, oisre in íochtar trá. Mé Suibhne, sirtheachán suarach — rí gan ríocht, lao gan léis, án gan oidhre, a deirim liom féin. Dona deacrach díblí mo dhán! Troime liom buille na buile ná turnamh na dtréan! Suaráí scéal mo bheatha-sa ná ar éirigh anallód d'Éabha aoibhinn ná d'Ádhamh Oll-Athair féin. Tuán Mór mac Cairill, níor shaothraigh na seacht saol mar atá an saol

duthain seo saothraithe ag Suibhne! Féach anois mé:
i m'fhear gan féar gan fothair feasta ós í an díle
dhochrach dheacrach seo anois mo dhán ós mé anois
an gheilt ghann ghortach i gcóngar is i gcéin.

Crua an croí nach ndéanfadh trua
Don té sin a choill a chéill,
Le lonrú lae ina rí go mbua,
Ina gheilt ar luí don ghréin.